


# Eleathanach 456



Dé Luain, an 29 Eanáir 2024






### Bliain Nua na gCeilteach!

Le tamall anuas bíonn sé níos gile ar maidin agus muid ag dul ar scoil. Bíonn sé geal tráthnóna freisin, suas go dtí 5:05, b'fhéidir. Bíonn na héin le cloisteáil maidin agus tráthnóna freisin.

In Éirinn glacaimid leis go dtosaíonn an t-earrach ar an gcéad lá d'Fheabhra. Sin Lá Fhéile Bríde. Rugadh Naomh Bríd i gCill Dara. Tá a lán scéalta fúithi. Go fóill déanann daoine crosa Bhríde. Cuirtear os cionn an dorais iad.

Tá leabhar álainn ann do rang a dó mar gheall ar Naomh Bríd - *An Clóca Draíochtach* is ainm don leabhar. Scríobh Laoise Ní Chléirigh é. Is leabhar pictiúr é agus tá pictiúir áille ann. Foghlaimeoidh tú eolas nua mar gheall ar Naomh Bríd ón leabhar! Naomh Bríd abú!

### Dancing with the Stars

Tá an clár 'Dancing with the Stars' ar ais ar RTÉ 1 le tamall anuas. Bíonn daoine cáiliúla ag damhsa le damhsóirí proifisiúnta. Is iad Doireann Garrihy agus Jennifer Zamparelli na láitheoirí.

Ba é téama na seachtaine ná 'Seachtain na Scannán'. Dhamhsaigh Laura Fox agus Denys Samson an válsa. An t-amhrán a bhí acu ná 'Somewhere Over the Rainbow'. Is amhrán é seo ón scannán 'The Wizard of Oz.

Tá ag éirí go maith leo ar fad! D'fhág Miriam Mullins agus Montel an clár inné. Dhamhsaigh siad an Cha-cha-cha. Bhronn na moltóirí 20 pointe orthu. Bhí díomá ar Mhiriam. Dhamhsaigh gach duine le chéile ag deireadh an chláir. D'úsáid siad ceol an scannáin Grease!





### An Rugbaí Idirnáisiúnta

An deireadh seachtaine seo beidh Craobh na Sé Náisiún 2024 ag tosú. Beidh Éire ag imirt Dé hAoine. Beidh Éire agus an Fhrainc ag imirt. Beidh an cluiche ar siúl ag 8 i.n.

Tá na tíortha seo ag imirt i gCraobh na Sé Náisiún: Éire, Albain, Sasana, an Iodáil, an Fhrainc agus An Bhreatain Bheag.

Bhí an fhoireann rugbaí ag traenáil sa Phortaingéil le tamall anuas. Is é Peter O'Mahony an captaen nua. Tá súil againn go mbíonn an bua acu arís i mbliana.